TAISCE ACMHAINNÍ IOMPAIR NA SEIRBHÍSE TACAÍOCHTA D'OIDEACHAS SPEISIALTA (STOS)

Treoirbhileog 22

PLEAN TACAÍOCHTA IOMPAIR AONAIR

Cé go mbeidh tromlach daltaí in ann cloí le rialacha na scoile/ an ranga, seans nach toilteanach a bheidh mionlach beag daltaí cloí leis na rialacha ná bheith in ann cloí leo. Sa chás sin is gá Plean Tacaíochta Iompair Aonair a chur le chéile do na daltaí sin. Is rud tábhachtach é an coincheap gur plean *tacaíochta* é – is mian linn tacú leis na daltaí ionas go mbeidh siad in ann iad féin a iompar ar bhealach níos oiriúnaí agus níos inghlactha.

Tá níos mó ná bealach amháin ann leis an bplean seo a chur le cheile agus a chur i láthair, agus seans gur chóir smaoineamh ar na rudaí seo thíos:

1. Ba chóir go gcabhródh aon Phlean Tacaíochta Iompair leis na daltaí freagracht a ghlacadh as a n-iompar féin agus go múinfeadh sé dóibh conas roghanna oiriúnacha a dhéanamh.
2. Úsáid cur chuige ildisciplíneach, ceann ina bhfuil na daoine seo páirteach: múinteoir(í), Cúntóir Riachtanas Speisialta, príomhoide, tuismitheoir(í) agus an dalta. Is deacra aon dul chun cinn a dhéanamh le Plean Tacaíochta Iompair Aonair mura bhfuil tuismitheoir nó an dalta toilteanach a bheith páirteach ann.
3. Mar chuid den Phlean Tacaíochta Iompair Aonair, seans gur gá Conradh Iompair a dhréachtú (cosúil leis an gComhaontú maidir le hIompar Ranga - féach Treoir Bhileog 12) agus go mbeidh ar na páirtithe uile é a shíniú. Agus an conradh seo á dhréachtú, úsáid teanga shoiléir atá oiriúnach d'aois agus do chumas an dalta.

Tá roinnt céimeanna ag baint le Plean Tacaíochta Iompair Aonair. De ghnáth, d'fhéadfá na rudaí seo a dhéanamh:

1. **Aithin Iompraíochtaí a bhfuil Fadhb leo:** scríobh síos iompraíochtaí míchuí uile an dalta seo/ na iompraíochtaí uile a bhfuil fadhb leo. Aithin an ceann is mó a chuireann imní ort / ba mhaith leat a athrú, nó b'fhéidir go bhféadfá díriú ar iompraíocht a shíleann tú a d'fhéadfá a athrú.

2. **Breathnaigh ar an Iompraíocht agus Breac síos na rudaí atá ag tarlú:** Nuair a bheidh iompraíocht amháin roghnaithe agat, breac síos an iompraíocht sin aon uair a bheidh sí ar siúl. Is é an aidhm atá leis sin ná *bonnlíne* na hiompraíochta a fháil i scríbhinn. Sa phróiseas seo, féadfaidh tú nóta a bhreacadh de cad atá ag tarlú, cathain atá sé ag tarlú, cé atá i láthair ag an am, agus cé chomh tromchúiseach agus atá an iompraíocht. Inis don dalta cad atá ar siúl agat, seans go gcuirfidh sin stad leis an iompraíocht. "*Brian, is cúis imní dom na rudaí gránna a bhíonn tú i gcónaí a rá le daoine eile sa rang. Tá tú ag briseadh riail an ranga a deir go mbeidh meas againn ar dhaoine eile. An tseachtain seo scríobhfaidh mé nóta gach uair a chluinim thú ag caint mar sin, ach ba mhaith liom gan mórán nótaí a scríobh, ba bhreá an rud é mura mbeadh aon rud le scríobh agam. Ba mhaith liom go ndéanfá iarracht mhór bheith go maith ionas nach mbeidh orm aon rud a scríobh ar an mbileog seo / ionas nach mbeidh Xanna le feiceáil uirthi.*" Ba cheart nótaí a bhreacadh ar iompraíochtaí an dalta i rith na seachtaine ar fad. I ranganna ina bhfuil Cúntóir Riachtanas Speisialta ag obair le múinteoir, b'fhéidir go mbeadh sé níos éasca nótaí a bhreacadh - socraigh cé a bheidh ag breacadh na nótaí agus cé a bheidh ag breathnú. *Ag deireadh na bileoige seo tá roinnt roghanna ann faoi conas iompraíochtaí a bhreacadh síos, ina measc tá rogha féinmheasúnaithe ann le haghaidh an dalta.*

3. **Déan Anailís ar na Sonraí a Bhailítear:** nuair a bheidh an chéim thuas thart, seans go mbeidh sé ina chabhair anailís a dhéanamh ar na sonraí chun an dá cheist seo a fhreagairt:
   Cad atá na sonraí seo ag léiriú dom?
   Cad is féidir liom a dhéanamh fúthu?
   Nó, is féidir úsáid a bhaint as ceistneoir a bhfuil níos mó sonraí ann *(féach deireadh na Treoirbhileoige.)*

4. **Cuir Straitéis Idirghabhála i bhFeidhm:** Seo áit ar féidir deacracht a bheith ann de ghnáth. Caithfimid teacht ar bhealaí inar féidir linn cabhrú leis an dalta a (h)iompraíocht a athrú go hiompraíocht a mbeidh glacadh níos mó ag daoine léi nó is féidir linn an dalta a spreagadh chun sin a dhéanamh. Seo iad na rudaí a bhféadfaimis smaoineamh orthu sa chás seo:

- Cad iad na rudaí a tharlaíonn roimh an iompraíocht / cad iad na rudaí a spreagann an iompraíocht? An féidir linn na rudaí sin a aithint? Conas is féidir linn beag a dhéanamh de/ an dochar a bhaint as/ an tslí a rachaidh na rudaí seo i bhfeidhm ar an dalta? Is féidir triail a bhaint as na rudaí seo:
  a. Seachain rudaí a d'fhéadfadh tús a chur leis an iompraíocht
  b. Bain intinn an dalta den rud in ionad aghaidh a thabhairt ar an dalta mar gheall ar an rud
  c. Meaitseáil an ghníomhaíocht le leibhéal cumais an dalta
  d. Tarraing aird iomlán an dalta ort sula dtosóidh tú ag tabhairt treoracha
  e. Tabhair níos mó airde atá dearfach ná atá diúltach
  f. Cuir an dalta ar an eolas maidir le hathrú ar cheacht / ghníomhaíocht
  g. Oibrigh amach cén uair a bheidh fadhbanna ann agus déan pleanáil do na huaireanta sin
  h. Tabhair treoracha soiléire
  i. Déan aithris ar an iompar cuí is mian leat a fheiceáil sa rang
  j. Roghnaigh cúpla riail shimplí agus cloígh leo
- Cad iad na hiompraíochtaí nua / scileanna nua is mian linn a fheiceáil in iompraíocht an dalta agus conas a mhúinfimid na hiompraíochtaí / scileanna sin don dalta?
- Cén cineál duaiseanna is maith leis an dalta seo a fháil?
- Cén cineál pionós/ torthaí láithreacha b'éifeachtaí chun an dalta a chosc ar an iompraíocht mhíchuí a léiriú?
- Conas a thomhaisfimid na rudaí a fheicimid? Lean le breacadh na nótaí chun é a chur i gcomparáid leis an mbonnlíne
- Conas a scríobhfaimid an straitéis seo? Scríobh Conradh Iompair leis an dalta agus lena aghaidh.

Le linn duit í a chur i bhfeidhm, is tábhachtach an rud é úsáid a bhaint as an oiread de na straitéisí maidir le hiompar dearfach agus is féidir, ina measc:

- Tar ar na daltaí agus iad go maith
- Tabhair duaiseanna dóibh le haghaidh iompraíocht chuí
- Déan neamhshuim d' iompraíochtaí d'aon turas más féidir leat sin a dhéanamh go sábháilte
- Mol agus spreag
- Meabhraigh na rialacha dóibh
- Déan teagmháil dhearfach le tuismitheoirí - nótaí sa dialann, glaonna teileafóin ag insint go bhfuil gach rud go maith ar scoil srl
- Tabhair rogha don dalta nuair is féidir
- Múin iompraíocht inghlactha eile don dalta

5. **Déan measúnú ar an Idirghabháil:** tar éis lá amháin / seachtaine / míosa déan measúnú faoi cé acu atá an plean ag obair nó nach bhfuil. Mura bhfuil, smaoinigh an fiú leanúint dó ar feadh tamaill eile nó an fearr triail a bhaint as cur chuige difriúil. Ag an gcéim sin, tá sé riachtanach a bheith ag caint le gach páirtí lena mbaineann an scéal - labhair le baill foirne eile, le tuismitheoirí agus leis an dalta chun a dtuairimí a fháil faoi conas atá ag éirí leis an bplean tacaíochta.

Na nithe ar fiú smaoineamh orthu sa chéim mheasúnaithe

- An bhfuil éifeacht leis na duaiseanna atá á n-úsáid agus an bhfuil siad sách láidir don dalta? An gá dúinn cineál, leibhéal nó minicíocht na nduaiseanna a athrú?
- An bhfuil caidreamh dearfach ag an bpríomhbhall foirne leis an dalta? Uaireanta ní réitíonn daoine áirithe le chéile go rómhaith agus más amhlaidh an scéal sa chás seo b'fhéidir gurbh fhearr ball foirne eile a chur ag obair leis an dalta (Féach Treoirbhileog 8 *Dea-Chaidreamh a Chur ar Bun le Duine Fásta Amháin).*
- Na teorainneacha atá san áireamh sa Chonradh Iompair an bhfuil siad chomh soiléir, chomh cruinn agus chomh daingean agus is féidir?
- Ar ghlacamar am le taispeáint don dalta cén cineál iompraíochta is mian linn a fheiceáil, agus cén cineál iompraíochta nach mian linn a fheiceáil?
- An raibh leanúnachas ag baint le cur i bhfeidhm an chomhaontaithe conartha nó ar ligeamar do rudaí dul rófhada?

- An raibh na tuismitheoirí páirteach ann? Ar chinntigh siad go raibh an conradh á chomhlíonadh? Ar thug siad tacaíocht agus spreagadh don dalta?
- An dteastaíonn níos mó airde dearfaí ón dalta ná a bhíomar ábalta a thabhairt dó/di go dtí seo?

TAIFEAD AR IOMPAR SUAITEACH - CAIRT MHINICÍOCHTA

Tasc: Sna spásanna ama cuir **x** isteach aon uair a dhéanfaidh an dalta an t-iompar suaiteach. Cuir tic ✓isteach mura ndéanfaidh sé é.

*Ainm an Dalta:*_____ *Rang:*_____ *Seachtain:* _____

Ainm an Duine Fásta atá ag Taifeadadh: _____

Iompar atá á bhreathnú:

_____

Iompar a mbeimid ag súil leis ina ait:

_____

AM / CEACHT **(Úsáid na sonraí thíos nó cuir in eagar)**	***Luan***	***Máirt***	***Céadaoin***	***Déardaoin***	***Aoine***
m.sh. 9.10 – 9.30 **Teacht ar scoil / tionól**					
9.30 – 10.20 **Ceacht 1**					
10.20 – 11.10 **Ceacht 2**					
11.10 – 11.25 **Sos**					
11.25 – 12.15 **Ceacht 3**					
12.15 – 1.00 **Ceacht 4**					
1.00 – 1.30 **Lón**					
1.30 – 2.15 **Ceacht 5**					
2.15 – 3.00 **Ceacht 6**					
3.00 **Dul Abhaile**					

TAIFEAD AR IOMPAR SUAITEACH - SAMPLA DE CHAIRT MHINICÍOCHTA CHOMHLÁNAITHE

Tasc: Sna spásanna ama cuir **x** isteach aon uair a dhéanfaidh an dalta an t-iompar suaiteach. Cuir tic ✓ isteach mura ndéanfaidh sé é.

Ainm an Dalta: ***Liam*** Rang: ***Rang4*** Seachtain : ***6 - 10 Bealtaine***

Ainm an Duine Fásta atá ag Taifeadadh: ***Pat***

Iompar atá á bhreathnú: ***Ag bualadh, ag brú, ag pinseáil, ag ciceáil, nó ag baint greamanna as daoine eile nó ag iarraidh é a dhéanamh.***

Iompar a mbeimid ag súil leis ina áit: ***Níl aon cheann de na hiompraíochtaí seo ar siúl; tá sé ag baint úsáide as na focail chearta chun é féin a chur in iúl.***

AM / CEACHT	*Luan*	*Máirt*	*Céadaoin*	*Déardaoin*	*Aoine*
m.sh. 9.10 – 9.30 Teacht ar scoil / tionól	x	✓	✓	✓	x
9.30 – 10.20 Ceacht 1	x Matamaitic	✓ Béarla	✓ Matamaitic	✓ Béarla	✓ Matamaitic
10.20 – 11.10 Ceacht 2	✓ Béarla	✓ Matamaitic	✓ Corpoideachas	✓ Matamaitic	✓ Am Órga
11.10 – 11.25 Sos	x x	x	✓	x	✓
11.25 – 12.15 Ceacht 3	x Ceol	✓ Eacnamaíocht Bhaile	✓ Béarla	x Stair	✓ Béarla
12.15 – 1.00 Ceacht 4	✓ Reiligiún	✓ Eacnamaíocht Bhaile	✓ OSPS	✓ Reiligiún	✓ Tíreolaíocht
1.00 – 1.30 Lón	✓	x	x	✓	x x
1.30 – 2.15 Ceacht 5	✓ Adhmadóireacht	✓ Eolaíocht	x Matamaitic	x x Am Ciorcail	x x Ealaín
2.15 – 3.00 Ceacht 6	✓ Ealaín	x x x x Corpoideachas (Snámh)	✓ Matamaitic	✓ Eolaíocht	✓ Ealaín
3.00 Dul Abhaile	x	x x	✓	✓	x

TAIFEAD AR IOMPAR SUAITEACH - CAIRT RII (ABC)

(iompar ar leith atá ar siúl ag dalta aonair)

Dáta / Am	**Gach rud a tharla roimh an iompar** *Déan cur síos ar gach rud a bhí ag tarlú roimh an iompar.*	**An t-iompar** *Déan cur síos ar cad atá ar siúl ag an dalta. Déan cur síos ar cén áit ar tharla sé, cé a bhí sa seomra, agus cén fad a mhair t-iompar.*	**Toradh an iompair** *Déan cur síos ar cad a rinne an duine fásta / daltaí eile. Déan cur síos ar fhreagairt an dalta dó seo.*

TAIFEAD AR IOMPAR SUAITEACH - FÉINMHEASÚNÚ DALTA

Tasc: Tabharfaidh an dalta marc dó / di féin le haghaidh gach spáis ama (cuirfidh sé/sí **x** isteach aon uair a dhéanfaidh sé/sí an t-iompar suaiteach agus cuirfidh sé/sí tic isteach ✓ mura ndéanfaidh sé/sí é). Ina dhiaidh sin is féidir é a chur i gcomparáid leis an **gCairt Mhinicíochta** a chuir an duine fásta le chéile.

*Ainm an Dalta:*_____ *Rang:*_____ *Seachtain:* _____

Ainm an Duine Fásta atá ag tabhairt comhairle: _____

Iompar atá á bhreathnú:

_____

Iompar a mbeimid ag súil leis ina áit*:*

_____

AM / CEACHT **(Úsáid na sonraí thíos nó cuir in eagar)**	***Luan***	***Máirt***	***Céadaoin***	***Déardaoin***	***Aoine***
m.sh. 9.10 – 9.30 **Teacht ar scoil / tionól**					
9.30 – 10.20 **Ceacht 1**					
10.20 – 11.10 **Ceacht 2**					
11.10 – 11.25 **Sos**					
11.25 – 12.15 **Ceacht 3**					
12.15 – 1.00 **Ceacht 4**					
1.00 – 1.30 **Lón**					
1.30 – 2.15 **Ceacht 5**					
2.15 – 3.00 **Ceacht 6**					
3.00 **Dul Abhaile**					

IOMPAR SUAITEACH A ANAILÍSIÚ - CEISTNEOIR

Tasc: Ag úsáid na sonraí atá bailithe sa **Chairt Mhinicíochta** nó sa Chairt RII (ABC) agus/nó i **gCairt Féinmheasúnaithe an Dalta,** freagair na ceisteanna seo a leanas maidir leis an iompar a bhí á thaifeadadh agat.

*Ainm an Dalta:*_____ *Rang:*_____ *Seachtain:*_____

Ainm an Duine Fásta atá ag Taifeadadh: _____

Iompar atá á bhreathnú:

_____

Iompar a mbeimid ag súil leis ina áit*:*

_____

CEIST	**FREAGRA**
Cé chomh minic is atá an t-iompar seo ag tarlú (déan comhaireamh)?	
Cé na ceachtanna is mó a dtarlaíonn an t-iompar iontu? Cé na ceachtanna is lú a dtarlóinn an t-iompar iontu?	
Cén t-am is minice a tharlaíonn an t-iompar?	
Cén leagan amach atá ar an rang san am?	
Cad é atá mé a dhéanamh san am?	
Cad é atá an dalta a dhéanamh san am?	
Cad a dhéanaim mar fhreagairt?	
Cad a dhéanann an dalta mar fhreagairt don rud a rinne mé?	
Conas a fhreagraíonn na daltaí eile don dalta?	
San am a chuaigh thart cad a d'oibrigh chun seo a réiteach?	

AN RUD IS TÁBHACHTAÍ: Anois tá an t-eolas seo agam, cad is féidir liom a dhéanamh?	